# An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath
# Ollscoil na hÉireann, Baile Átha Cliath

## Tuarascáil an Uachtaráin *(ar lean)*

**Príomhthionscnaimh agus Príomhéachtaí**

Críochnaíodh céim a haon de Lárionad Eolaíochta UCD i mí Mheán Fómhair 2011 agus d'oscail an Taoiseach Enda Kenny TD ina dhiaidh sin é. Agus é ar cheann de na príomhfhorbairtí eolaíochta atá ar bun sa Stát, tacaíonn Lárionad Eolaíochta UCD leis na daoine sin a dhéanann an eolaíocht agus na heolaíochtaí feidhmeacha a thaighde, a nuáil agus a theagasc san Ollscoil. De réir mar a théann sé ar aghaidh go céimeanna a dó agus a trí, tacóidh sé leis an eolaíocht cheannródaíoch a sholáthar trí shaoráidí den chéad scoth a chur ar fáil.

**Caiteachas Caipitil**

Thabhaigh an Ollscoil agus a fochuideachtaí caiteachas €62.2m ar thalamh agus foirgnimh agus thabhaigh siad €8.6m eile ar threalamh agus feistis. D'fhág sé sin go raibh caiteachas caipitil iomlán €70.8m ann sa bhliain 2011/12.

Agus saoráidí acadúla, cónaithe agus fóillíochta á bhforbairt acu, tá ag éirí go maith le pleananna forbartha caipitil UCD maidir leis an gcampas a fheabhsú. Le linn na bliana, osclaíodh Ionad nua na Mac Léinn, áit a mbíonn gníomhaíocht shóisialta, chruthaitheach agus spóirt ar siúl ar Champas Belfield. Freastalóidh an tsaoráid den scoth sin, ar chistigh na mic léinn an-chuid di, ar raon éagsúil gníomhaíochtaí foghlama agus fóillíochta mac léinn agus beidh sí ina cuid thábhachtach den mhisean atá ag UCD eispéireas oideachais iomlánaíoch a sholáthar.

Tar éis céim a haon de Lárionad Eolaíochta UCD a oscailt (mar a tugadh faoi deara thuas), tá céim a dó á tógáil faoi láthair agus táthar i mbun pleanáil do chéim a trí. Nuair a bheidh sé críochnaithe, beidh Lárionad Eolaíochta UCD ar an infheistíocht chaipitil is mó san eolaíocht i stair Stát na hÉireann.

Ba go luath sa bhliain 2012 a síníodh conarthaí tógála don fhoirgneamh nua le haghaidh Scoil Dlí Sutherland, UCD, agus tá sé beartaithe an foirgneamh a áitiú faoi dheireadh shamhradh na bliana 2013. Beidh an foirgneamh chun tairbhe mac léinn, acadóirí agus na mórghairme dlí ar fad.

**Daonra na Mac Léinn**

Is beag feabhas atá tagtha ar an ngeilleagar náisiúnta agus ar an ngeilleagar domhanda araon le linn na bliana. Is crua atá na dálaí go fóill. Mar sin, is maith an scéala é go bhfuilim in ann a thuairisciú gur mhéadaigh daonra mac léinn UCD faoi 1.3% sa bhliain, agus é ag ardú go 24,933 mac léinn. Bhí méadú 2.8% ann ar líon na mac léinn iarchéime agus bhí méadú 9% ann ar líon na mac léinn idirnáisiúnta. Is tráthúil atá na méaduithe sin agus tá fáilte mhór rompu. Tá na mic léinn sin freagrach as 28.9% agus as 20.5% faoi seach de dhaonra mac léinn UCD anois. Lean an Ollscoil ar aghaidh le hiarracht a dhéanamh líon na mac léinn neamhthraidisiúnta a mhéadú, daoine atá freagrach as 23% de dhaonra na mac léinn ar leibhéal fochéime anois.

# An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath
# Ollscoil na hÉireann, Baile Átha Cliath

## Tuarascáil an Uachtaráin *(ar lean)*

**Idirnáisiúnú**

Gné ríthábhachtach den Phlean Straitéiseach is ea an bhéim a chuireann UCD ar mhic léinn idirnáisiúnta agus ar chomhpháirtíochtaí idirnáisiúnta. Ní hé amháin go meallann an Ollscoil foinsí tábhachtacha ioncaim nach ioncam Státchiste iad trí naisc den sórt sin a bhunú, ach ardaíonn sí a próifíl idirnáisiúnta agus téann sí chun sochair na sochaí domhanda trí thaighde, trí chruthú fostaíochta, trí naisc eacnamaíochta agus trí scaipeadh eolais. Ina theannta sin, soláthraíonn an Ollscoil raon éagsúil deiseanna dá mic léinn Éireannacha dul i mbun staidéir agus obair dheonach thar lear.

Tá dul chun cinn suntasach déanta ina leith sin mar gheall ar an gcomhaontú atá ann idir UCD agus Ollscoil Teicneolaíochta Bhéising chun institiúid ardoideachais nua den scoth a bhunú, is é sin, Coláiste Idirnáisiúnta Bhéising-Bhaile Átha Cliath. Tá obair ar siúl chun an chéad chohórt mac léinn a earcú chuig an gColáiste Idirnáisiúnta, áit a ndíreofar ar réimsí atá ábhartha maidir le forbairt fiontar rathúil idir an tSín agus Éire, lena n-áirítear nuálaíocht agus fiontraíocht.

**Taighde**

Lean UCD lena bheith ina cheannaire náisiúnta ó thaobh cistiú taighde de. Síníodh conarthaí taighde arna gcistiú go seachtrach agus dar luach €75.1 milliún sa bhliain 2011/12.

**Nuálaíocht**

Bíonn an misean atá ag an Ollscoil cur le luach agus le cáilíocht a gníomhaíochtaí nuálaíochta á bhaint amach trí chomhaontuithe ceadúnúcháin, trí chomhdúcháin phaitinní agus trí nochtadh aireagán, mar aon le comhpháirtíocht leis an tionscal. I measc na n-éachtaí suntasacha a bhí ann le linn na bliana: fógraíodh ollúnachtaí, scoláireachtaí agus sraith bhliantúil léachtaí le Elan Corporation plc; fógraíodh pleananna leathnúcháin do shaoráidí Taighde agus Forbartha agus Nuálaíochta ag NovaUCD thar na trí bliana atá le teacht le haghaidh ResMed Inc. (ar ceannaire domhanda i dtáirgí leighis a fhorbairt agus a dhéantúsú é); agus comhdaíodh 39 iarratas ar phaitinn ar fud gach réimse de na heolaíochtaí beatha, den innealtóireacht agus de theicneolaíocht na faisnéise agus na cumarsáide. Bíonn gníomhaíochtaí den sórt sin ag uasmhéadú an tionchair don Ollscoil, dá cuid comhpháirtithe agus don saol sóisialta agus geilleagrach in Éirinn agus ar an domhan mór.

**Conclúid**

Leanann an tÚdarás Ceannais ar aghaidh le treoir agus le taithí ríthábhachtach a chur ar fáil de réir mar a dhéanaimid iarracht fís straitéiseach UCD a bhaint amach. Tá sé tábhachtach freisin aird a tharraingt ar obair na mball foirne sin ar ghlac róil bhreise agus freagrachtaí breise chucu féin le linn na bliana. Cinntíonn an fhreagracht agus an obair shuntasach bhreise sin go leanann an Ollscoil ar aghaidh le rath a bhaint amach i ngach réimse dá gníomhaíochta agus go bhfaigheann ár mic léinn an caighdeán oideachais is airde.

Bliain dhúshlánach eile a bhí sa bhliain acadúil 2011/12, ach leanaimid ar aghaidh leis na dúshláin a shárú go rathúil. De réir mar a fhéachaimid leis an eolas a chur ar aghaidh, leis an bhfírinne a shaothrú agus leis an bhfoghlaim a chothú, léirítear sa Phlean Intinní Domhanda a Chruthú, Plean Straitéiseach UCD go 2014, go bhfuil rún daingean againn sármhaitheas a bhaint amach san oideachas, sa taighde agus sa nuálaíocht.

Andrew Deeks
*Uachtarán*

2015

### 6 Costais foirne *(ar lean)*

| | **2012** | 2011 |
|---|---|---|
| | **€'000** | €'000 |
| Tuarastail agus pá | **222,598** | 227,736 |
| Costais leasa shóisialaigh | **16,470** | 16,314 |
| Costais phinsin an fhostóra * | **25,490** | 25,369 |
| | **264,558** | 269,419 |

| **Costais a bhaineann le pinsean** | **2012** | 2011 |
|---|---|---|
| | **€'000** | €'000 |
| *Costais phinsin an fhostóra | **25,490** | 25,369 |
| Costais phinsin incriminteacha a ghlac an Stát chuige féin | **5,922** | 7,999 |
| Costais seirbhíse reatha (nóta 29) | **31,412** | 33,368 |

### 7 Speansais oibriúcháin eile

| | **2012** | 2011 |
|---|---|---|
| | **€'000** | €'000 |
| Taighde (neamhphá) | **17,536** | 19,746 |
| Cothabháil agus slándáil | **16,295** | 13,634 |
| Soláthairtí saotharlainne | **8,651** | 7,907 |
| Táillí gairmiúla | **4,976** | 3,780 |
| Costais chonarthaí seachtracha | **7,774** | 7,453 |
| Taisteal agus fáilteachas | **6,994** | 7,517 |
| Soláthairtí ríomhaire | **4,245** | 3,628 |
| Priontáil, stáiseanóireacht agus ábhair chlosamhairc | **3,216** | 3,063 |
| Leabhair agus tréimhseacháin | **2,442** | 3,135 |
| Solas agus teas | **7,508** | 5,038 |
| Saoráidí mac léinn | **3,678** | 3,411 |
| Rátaí agus árachas | **4,393** | 5,106 |
| Trealamh | **3,250** | 3,259 |
| Oiliúint agus forbairt (a) | **8,458** | 4,047 |
| Cumarsáid | **941** | 1,145 |
| Fógraíocht agus cur chun cinn | **2,496** | 1,858 |
| Speansais eile | **6,265** | 10,968 |
| | **109,118** | 104,695 |

(a) Sa bhliain 2012, is laistigh de chostais oiliúna agus forbartha a chuirtear na costais €4 milliún a bhaineann le scoláireachtaí i láthair. Ba laistigh de chostais foirne a cuireadh na costais sin i láthair sa bhliain 2011.

## 7 Speansais oibriúcháin eile *(ar lean)*

| | **2012** | 2011 |
|---|---|---|
| | **€'000** | €'000 |
| Áirítear na nithe seo le speansais oibriúcháin eile: | | |
| Luach saothair na n-iniúchóirí: | | |
| - An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste | **16** | 16 |
| - Iniúchadh seachtrach ar Ghrúpa na hOllscoile | **181** | 178 |
| - Iniúchadh seachtrach ar Chistí Pinsean | **8** | 41 |
| - Cánachas agus seirbhísí rúnaíochta | **14** | 11 |
| - Seirbhísí eile | **20** | 3 |

Níl CBL ar áireamh i luach saothair na n-iniúchóirí a nochtar thuas. Tá feidhm Iniúchóireachta Inmheánaí ag an Ollscoil agus cuireadh costais ghaolmhara phárolla ar áireamh mar chuid de chostais foirne don bhliain.

## 8 Ús iníoctha

| | **2012** | 2011 |
|---|---|---|
| | **€'000** | €'000 |
| Ar iasachtaí bainc, rótharraingtí agus iasachtaí eile atá in-aisíoctha go hiomlán nó go páirteach i níos mó ná 5 bliana | **1,853** | 1,195 |

Tá ús iníoctha ar iasachtaí a tharraingítear anuas chun cóiríocht chónaithe do mhic léinn agus cláir eile infheistíocht chaipitil a chistiú.

**11 Sócmhainní seasta inláimhsithe** *(ar lean)*

| **Ollscoil** | **Talamh & foirgnimh €'000** | **Sócmhainní atá á dtógáil €'000** | **Mion-oibreacha €'000** | **Trealamh ríomhaire €'000** | **Trealamh & feistis €'000** | **Iomlán €'000** |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Costas** | | | | | | |
| Ag an 1 Deireadh Fómhair 2011 | 676,216 | 52,022 | 5,680 | 18,963 | 134,299 | 887,180 |
| Breiseanna sa bhliain | 13,795 | 45,304 | - | 239 | 6,979 | 66,317 |
| Aistrithe ó shócmhainní atá á dtógáil | 64,479 | (64,479) | | | | - |
| Diúscairtí sa bhliain | - | - | - | (295) | (1,731) | (2,026) |
| **Ag an 30 Meán Fómhair 2012** | **754,490** | **32,847** | **5,680** | **18,907** | **139,547** | **951,471** |
| **Dímheas** | | | | | | |
| Ag an 1 Deireadh Fómhair 2011 | 142,197 | - | 5,680 | 18,222 | 115,363 | 281,462 |
| Muirear don bhliain | 14,948 | - | - | 899 | 11,489 | 27,336 |
| Díchurtha ar dhiúscairtí | - | - | - | (295) | (1,731) | (2,026) |
| **Ag an 30 Meán Fómhair 2012** | **157,145** | | **5,680** | **18,826** | **125,121** | **306,772** |
| **Glanluach leabhar** | | | | | | |
| **Ag an 30 Meán Fómhair 2012** | **597,345** | **32,847** | **-** | **81** | **14,426** | **644,699** |
| Ag an 30 Meán Fómhair 2011 | 534,019 | 55,022 | - | 741 | 18,936 | 605,718 |

## 12 Sócmhainní Airgeadais agus Oidhreachta (ar lean)

| | Foirgnimh €'000 | Pictiúir agus déantáin eile €'000 | Saothar ealaíne €'000 | Iomlán €'000 |
|---|---|---|---|---|
| **Costas** | | | | |
| **Ag an 1 Deireadh Fómhair 2011** | 11,204 | -* | 1,021 | 12,225 |
| **Breiseanna** | | | | |
| - Ceannacháin | - | - | 177 | 177 |
| - Athchóiriú | 319 | - | - | 319 |
| **Ag an 30 Meán Fómhair 2012** | **11,523** | **-** | **1,198** | **12,721** |

**Is ionann luach na bpictiúr agus na ndéantán agus €2.724m de réir na luachála a chuir Adam's Auctioneers & Valuers ar fáil in 2005 agus, mar atá luaite cheana, ní chaipitlítear iad ar an gclár comhardaithe.*

**Achoimre cúig bliana ar shócmhainní oidhreachta**

| | 2008 €'000 | 2009 €'000 | 2010 €'000 | 2011 €'000 | 2012 €'000 |
|---|---|---|---|---|---|
| **Costas nó Luacháil** | | | | | |
| **Ag an 1 Deireadh Fómhair** | 8,897 | 10,591 | 11,761 | 11,855 | 12,225 |
| **Breiseanna** | | | | | |
| - Ceannacháin | 303 | 139 | 44 | 201 | 177 |
| - Athchóiriú | 1,391 | 1,031 | 50 | 169 | 319 |
| **Costas ag an 30 Meán Fómhair** | 10,591 | 11,761 | 11,855 | 12,225 | 12,721 |
| Luacháil pictiúr agus déantán eile | 2,724 | 2,724 | 2,724 | 2,724 | 2,724 |
| **Iomlán ag an 30 Meán Fómhair** | **13,315** | **14,485** | **14,579** | **14,949** | **15,445** |

Nótaí *(ar lean)*

**12 Sócmhainní Airgeadais agus Oidhreachta (ar lean)**

**(b) Gnóthais chomhfhiontair**

Le linn na bliana, fuair UCD leas breise i gColáiste Leighis Penang sa chaoi go sealbhaíonn sí 50% den Choláiste anois. Is é Coláiste Ríoga na Máinleá in Éirinn a shealbhaíonn an leas iarmharach 50%. Cuirtear luach seilbhe an chomhfhiontair sin, ar fiú €2.3 milliún é, i leabhair UCD ar áireamh i gclár comhardaithe comhdhlúite UCD agus cuimsíonn sé an costas ceannaigh a tabhaíodh, sciar UCD de chaillteanas Choláiste Penang sa bhliain (€137,000) agus muirear amúchadh cáilmheasa (€136,000).

| Ainm | Tír an chorpraithe | Sonraí faoi infheistíochtaí | An céatadán i seilbh fochuideachta | Príomhghníomhaíocht |
|---|---|---|---|---|
| Penang Medical College (Coláiste Leighis Penang) | an Mhalaeisia | 1,700,000 gnáthscair de RM1 | 50% | Oideachas |

| | 2012 €'000 | 2011 €'000 |
|---|---|---|
| **Sciar de na glansócmhainní ar a luach cóir:** | | |
| I dtús na bliana | **-** | - |
| Faighte sa bhliain | **1,805** | - |
| Sciar den chaillteanas comhfhiontair sa bhliain (roimh cháin €181,000) | **(137)** | - |
| **Ag deireadh na bliana** | **1,668** | - |

Tá na nithe seo i gceist i sciar an ghrúpa den infheistíocht i nglansócmhainní an chomhfhiontair seo:

| | 2012 €'000 | 2011 €'000 |
|---|---|---|
| Sciar de shócmhainní seasta | **2,011** | - |
| Sciar de shócmhainní reatha | **1,071** | - |
| Sciar de dhliteanais reatha | **(1,155)** | - |
| Sciar de dhliteanais neamhreatha | **(259)** | - |
| Sciar de ghlansócmhainní ag deireadh na bliana | **1,668** | - |
| **Cáilmheas** | | |
| I dtús na bliana | **-** | - |
| Ag eascairt ar fháil | **803** | - |
| Amúchadh sa bhliain | **(136)** | - |
| **Ag deireadh na bliana** | **667** | - |
| **Iomlán na hinfheistíochta i gcomhfhiontair** | **2,335** | - |

### 29 Sochair scoir *(ar lean)*

Is mar seo a leanas atá an tionchar a bhí ag an athrú sin ar an gcuntas ioncaim agus caiteachais don bhliain 2011:

| | **€000** |
|---|---|
| Iomlán an ioncaim ag an 30 Meán Fómhair 2011 (mar a luadh roimhe sin) | 411,229 |
| *Tionchar ag athlua:* | |
| Cistiú iarchurtha le haghaidh pinsean | 67,834 |
| Iomlán an ioncaim ag an 30 Meán Fómhair 2011 (mar atá athluaite) | 479,063 |
| Iomlán an chaiteachais ag an 30 Meán Fómhair 2011 (mar a luadh roimhe sin) | (403,116) |
| *Tionchar ag athlua:* | |
| Costas seirbhíse breise FRS 17 | (7,999) |
| Costas úis FRS 17 | (59,835) |
| Iomlán an chaiteachais ag an 30 Meán Fómhair 2011 (mar atá athluaite) | 470,950 |

Aithnítear an caiteachas iomlán thuas sna míreanna líne seo a leanas sa ráiteas ioncaim agus caiteachais:

| | **2012** | 2011 (Mar atá athluaite) |
|---|---|---|
| | **€'000** | €'000 |
| Costais foirne - costais phinsin an fhostóra | **25,490** | 25,369 |
| Costas seirbhíse breise FRS 17 | **5,922** | 7,999 |
| Costais seirbhíse reatha | **31,412** | 33,368 |
| Costas úis FRS 17 - costas úis | **61,316** | 59,835 |
| | **92,728** | 93,203 |
| Gluaiseacht sa phinsean infhaighte - costas úis | **(61,316)** | (59,835) |
| Costas seirbhíse breise | **(5,922)** | (7,999) |
| Cistiú iarchurtha le haghaidh pinsean | **(67,238)** | (67,834) |
| Iomlán na gcostas pinsin a aithnítear sa chuntas ioncaim agus caiteachais | **25,490** | 25,369 |

